Ní Damhsa é Seo!

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Yvonne Ní Laife, bean as Contae na Gaillimhe a bhfuil gradam ardleibhéil bainte amach aici sa *capoeira*, ealaín chomhraic ón mBrasaíl. Bígí ag obair i ngrúpaí. Léigí na ráitis thíos agus pléigí iad. An aontaíonn sibh leo? Cén fáth?

(*Aontaím go hiomlán leis sin, mar … / Aontaím go pointe áirithe, ach … / Ní aontaím ar chor ar bith … / Ar an taobh eile den scéal …*)

1. Ba cheart an pá céanna a thabhairt do mhná agus d'fhir sa spórt gairmiúil.

2. Ní gá comórtais ar leith a bheith ann do mhná agus d'fhir i ngach spórt.

   (Rásaíocht capall, mar shampla.)

3. Bíonn sé níos deacra do mháithreacha ná d'aithreacha dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha beatha.

   (Smaoinigh ar shaoire mháithreachais, ar chúram leanaí agus ar obair pháirtaimseartha.)

4. Is féidir le mná agus le fir aon phost a dhéanamh chomh maith céanna.

   (Smaoinigh ar phoist ar nós altraí, tógálaithe, píolótaí agus múinteoirí bunscoile.)



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as *www.focloir.ie* chun cuidiú leat, más gá.

a) *the title … has been conferred on her*	
b) *of Brazilian origin*	
c) *gymnastics*	
d) *aspects of*	
e) *originally from (by birth)*	
f) *she fell completely in love with*	
g) *the belt in the highest grade*	
h) *recognition*	
i) *it's a great honour for me*	
j) *fluent in Brazilian Portuguese*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. 'Is rud mór **millteach** é i mo shaol' – cad is brí le 'millteach' anseo? An bhfuil slí eile agat féin chun é sin a rá?

_____



C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cén fáth a bhfuil an gradam a fuair Yvonne stairiúil? Luaigh dhá rud.

2. Luaigh trí ghné atá measctha le chéile sa *capoeira*.

3. Cé hí Yvonne Ní Laife? Luaigh dhá rud faoina cúlra.

4. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn bunús *capoeira*, dar le Yvonne?

   A. Cumadh é sa Bhrasaíl mar spórt Oilimpeach.
   B. Chruthaigh daoine a tógadh ón Afraic mar sclábhaithe é.
   C. Tháinig sé go dtí an Bhrasaíl ón bPortaingéil.
   D. Is damhsa traidisiúnta é nach mbaineann aon troid leis.

5. Cad í an difríocht is mó idir *capoeira* agus na healaíona comhraic eile, dar le Yvonne?

6. Cén fáth a bhfuil an gradam sin fíorthábhachtach, dar le Yvonne féin?

7. Cad a dhéanann Yvonne ina cuid ranganna?

   A. Meascann sí an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann isteach sa *capoeira*.
   B. Ní mhúineann sí ach daoine fásta a bhfuil taithí acu cheana sa *capoeira*.
   C. Múineann sí Portaingéilis na Brasaíle mar chuid de na ranganna *capoeira*.
   D. Ní chuireann sí ach ranganna do mhná ar fáil i gCathair na Gaillimhe.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-alt agus inscne an ainmfhocail)

a) Léigí na rialacha thíos. Athraíonn an t-alt (an) an t-ainmfhocal ar bhealaí éagsúla, ag brath ar inscne an ainmfhocail – firinscneach (F) nó baininscneach (B).

Ainmfhocail dar tús:	Firinscneach (F)	Baininscneach (B)
consan	gan athrú: *an crios, an gradam*	séimhiú: *an bhean, an fhuinneog*
guta	**t-** roimhe: *an t-aisteoir, an t-am*	gan athrú: *an ealaín, an Afraic*
s	gan athrú: *an saol, an sclábhaí*	**t** roimhe: *an tseachtain, an tsráid**
t, d	gan athrú: *an duine, an teideal*	gan athrú: *an duais, an troid*

*Nóta: Ní chuirtear *t* roimh *sc, sp, st, sm* (*an scoil, an spéir*).

b) Deimhnígí inscne gach ainmfhocail thíos (F nó B) agus cuirigí an t-alt roimhe, ag déanamh na n-athruithe cuí. Seiceálaigí san fhoclóir (www.focloir.ie nó www.teanglann.ie) mura bhfuil sibh cinnte.

Ainmfhocal	F/B	an + ainmfhocal	Ainmfhocal	F/B	an + ainmfhocal
mála			gleacaíocht		
aois			fáinleog		
grá			sláinte		
iarrthóir			seomra		
bainis			deoch		
teach			saoire		
Frainc			Portaingéilis		

2: Saibhreas teanga (Dúil a léiriú)

'Thit sí go hiomlán i ngrá leis an spórt.'

a) Seo bealaí eile chun a rá go bhfuil an-dúil agat i rud éigin. Léigí iad agus cuirigí in ord iad, ón gceann is laige go dtí an ceann is láidre, dar libh féin.

- *Tá mé gafa le …*
- *Tá dúil an diabhail agam i …*
- *Tá mé craiceáilte faoi …*
- *Tá mé splanctha i ndiaidh …*
- *Tá mo chroí istigh i …*
- *Ní féidir liom mo dhóthain de … a fháil.*
- *Tá mé an-tógtha le …*

b) Inis don duine in aice leat faoi thrí rud a bhfuil grá agat dóibh: m.sh. spórt, caitheamh aimsire, bia, ceol.

E: CUMARSÁID

1: Caint A – An Chéad Bhean Riamh

Ba í Yvonne Ní Laife an chéad bhean lasmuigh den Bhrasaíl ina grúpa a fuair an teideal *contramestre*. Seo ceathrar ban Éireannach a bhain éachtaí stairiúla amach ina réimsí féin.

a) Féachaigí ar na grianghraif. Cé hiad na mná, agus cén t-éacht a bhain siad amach? Pléigí na ceisteanna ansin.



Ainm	Grianghraf	Éacht
A. Mary Robinson		
B. Constance Markievicz		
C. Katie Taylor		
D. Rachael Blackmore		

- Cad atá i bpáirt ag an gceathrar ban seo? Cad atá difriúil fúthu?
- Cé acu éacht is mó a chuaigh i bhfeidhm oraibh? Cén fáth?
- An dóigh libh go raibh sé níos deacra ag Constance Markievicz in 1918 ná ag Rachael Blackmore in 2021? Cén fáth?
- Cad iad na réimsí den saol a bhfuil an lámh in uachtar ag na fir iontu go fóill (sa pholaitíocht, mar shampla)?

2: Caint B – Bean a chuaigh go mór i bhfeidhm orm

Smaoinigh ar bhean a raibh tionchar aici ort agus a spreag thú: máthair, seanmháthair, múinteoir, cara nó duine cáiliúil. Ní gá go mbeadh baint ar bith aici le spórt. Inis don ghrúpa fúithi ach ná habair cé hí ar dtús! Cuirfidh na daoine eile ceisteanna ort chun a fháil amach cé hí féin agus cad atá bainte amach aici:

- Cén tionchar a bhí aici ort?
- Cad iad na deacrachtaí a sháraigh sí?
- Cén tslí ar mhaith leat a bheith cosúil léi?
- An bhfuair sí an t-aitheantas a bhí tuillte aici?

3: Scríobh – Gradam Nua: Bean na Bliana

Scríobh ainmniúchán (thart ar 150 focal) do ghradam nua, Bean na Bliana, faoin mbean ar labhair tú fúithi i g**Caint B** (nó bean eile). Luaigh:

- cé hí agus cén bhaint atá aici leat
- na rudaí atá bainte amach aici agus na deacrachtaí a sháraigh sí
- cén fáth a bhfuil an gradam tuillte aici
- frása nó dhó ó Chuid **D** (m.sh. Tá a croí istigh i …)

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt
Bronnadh gradam ardleibhéil san ealaín chomhraic de bhunadh na Brasaíle, *capoeira*, ar iar-aisteoir le Ros na Rún an deireadh seachtaine seo. Bronnadh an teideal *contramestre* ar Yvonne Ní Laife, an chéad uair riamh a leithéid a bheith bronnta ar bhean lasmuigh den mBrasaíl[1].

Eibhlín Ní Choistealbha
Ealaín chomhraic nó ealaín troda de bhunadh na Brasaíle agus na hAfraice is ea *capoeira*, spórt a thugann gnéithe de throdaíocht chomhraic, rince, gleacaíocht agus ceol le chéile. Sa bhliain 2000 a dhein[2] an t-iar-aisteoir le Ros na Rún agus iarláithreoir aimsire le TG4, Yvonne Ní Laife, ón bhFairche i gceantar Dhúiche Sheoigheach ó dhúchas, a céad rang *capoeira* ar dtús i gCathair na Gaillimhe. Agus thit sí go hiomlán i ngrá leis an spórt ón mBrasaíl.

Yvonne Ní Laife, An Fhairche
Is iad na daoine sa Bhrasaíl a bhí á imirt ag an tús, is dóigh, cúig, sé chéad bliain ó shin, ná iad siúd a tógadh ón Afraic mar sclábhaithe. Agus mar sin, bhí a gcuid troideanna féin, a gcuid damhsaí féin acu. Ansin, nuair a tháinig siad uilig[3] le chéile, cruthaíodh *capoeira*. Ceapann daoine gur damhsa atá ann ach tá sé difriúil ó na healaíona míleata eile sa chaoi is go bhfuil sé déanta le ceol agus amhránaíocht.

Eibhlín Ní Choistealbha
Agus í nach mór seacht mbliana fichead ag plé le *capoeira* anois, bronnadh gradam speisialta ardleibhéil, an crios sa ghrád is airde, ar Yvonne sa Ghaillimh an deireadh seachtaine seo – an chéad uair riamh go mbronnadh[4] a leithéid ar aon bhean lasmuigh den mBrasaíl. Tá Yvonne ar an gcéad Éireannach ina grúpa *capoeira* leis an aitheantas a fháil agus an teideal *contramestre* anois baiste uirthi, í ina máistir *capoeira*.

Yvonne Ní Laife, An Fhairche
Tá sé seo fíorthábhachtach do mhná, do na *capoeiristas*, baineann, ar fud an domhain. Tá an gradam seo faighte ag roinnt mhaith fear ach níl sé faighte ag aon bhean taobh amuigh den Bhrasaíl, i mo ghrúpa, go dtí inniu. Is rud mór millteach é i mo shaol, i ndáiríre, is rud é go bhfuil mé ag oibriú ina threo le beagnach seacht mbliana is fichead. Anois is *contramestre* mé *Contramestre Andorinha*[5] agus is mór an onóir dom é.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá Yvonne líofa i bPortaingéilis na Brasaíle anois agus déanann sí iarracht an Ghaolainn[6] agus cultúr na hÉireann a mheascadh isteach ina cuid *capoeira*. Deir Yvonne, a bhíonn ag múineadh ranganna *capoeira* do dhaoine óga agus fásta sa Ghaillimh, go bhfuil rud éigin ann do gach éinne.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag Siún agus ag Eibhlín; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.
[2] a dhein = leagan canúnach de ‘a rinne’
[3] uilig = leagan canúnach de ‘uile’
[4] go mbronnadh = leagan canúnach de ‘gur bronnadh’
[5] Is é Andorinha a hainm sa capoeira; ciallaíonn sé ‘fáinleog’ sa Phortaingéilis.
[6] an Ghaolainn = leagan canúnach de ‘an Ghaeilge’

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na grúpaí gach ráiteas a phlé agus spreag iad chun cúiseanna agus samplaí a thabhairt. Ag an deireadh, d'fhéadfá vóta a ghlacadh ar gach ráiteas leis an rang iomlán (lámha suas: aontaím / ní aontaím).

Eolas breise: Ó 2007 i leith, bronntar an t-airgead céanna ar mhná agus ar fhir ag Wimbledon. I rásaíocht capall, bíonn mná agus fir san iomaíocht le chéile – ba í Rachael Blackmore an chéad bhean a bhuaigh an Grand National in 2021 (féach Cuid E).

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

a) *the title … has been conferred on her*	bronnadh an teideal X uirthi / tá an teideal Y baiste uirthi
b) *of Brazilian origin*	de bhunadh na Brasaíle
c) *gymnastics*	gleacaíocht
d) *aspects of*	gnéithe de
e) *originally from (by birth)*	ó dhúchas
f) *she fell completely in love with*	thit sí go hiomlán i ngrá le
g) *the belt in the highest grade*	an crios sa ghrád is airde
h) *recognition*	aitheantas (an t-aitheantas)
i) *it's a great honour for me*	is mór an onóir dom é
j) *fluent in Brazilian Portuguese*	líofa i bPortaingéilis na Brasaíle

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail sa mhír.
3. Ciallaíonn *millteach* anseo 'an-mhór, ollmhór'. Leaganacha eile: *Is rud ollmhór é i mo shaol. / Is rud thar a bheith tábhachtach dom é. / Is mór an rud é dom.*

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cén fáth a bhfuil an gradam a fuair Yvonne stairiúil? Luaigh dhá rud.
Is í an chéad bhean lasmuigh den Bhrasaíl (ina grúpa) a fuair é. / Is í an chéad Éireannach ina grúpa a fuair é. / Is é an crios sa ghrád is airde é – tá sí ina contramestre capoeira anois.
2. Luaigh trí ghné atá measctha le chéile sa *capoeira*.
trodaíocht chomhraic / rince / gleacaíocht / ceol.
3. Cé hí Yvonne Ní Laife? Luaigh dhá rud faoina cúlra.
Is iar-aisteoir le Ros na Rún í. / Is iarláithreoir aimsire le TG4 í. / Is as an bhFairche i nDúiche Sheoigheach í ó dhúchas. / Rinne sí a céad rang capoeira i nGaillimh sa bhliain 2000.
4. Cé acu ráiteas is fearr a léiríonn bunús *capoeira*, dar le Yvonne?
B
5. Cad í an difríocht is mó idir *capoeira* agus na healaíona comhraic eile, dar le Yvonne?
Déantar capoeira le ceol agus amhránaíocht.
6. Cén fáth a bhfuil an gradam fíorthábhachtach, dar le Yvonne féin?
Tá sé tábhachtach do mhná capoeira ar fud an domhain: tá sé faighte ag go leor fear ach níl sé faighte ag aon bhean lasmuigh den Bhrasaíl ina grúpa go dtí seo. Tá sí ag obair ina threo le beagnach seacht mbliana fichead – is mór an onóir di é.
7. Cad a dhéanann Yvonne ina cuid ranganna?
A

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-alt agus inscne an ainmfhocail)

b) Freagraí:

Ainmfhocal	F/B	an + ainmfhocal	Ainmfhocal	F/B	an + ainmfhocal
mála	F	an mála	gleacaíocht	B	an ghleacaíocht
aois	B	an aois	fáinleog	B	an fháinleog
grá	F	an grá	sláinte	B	an tsláinte
iarrthóir	F	an t-iarrthóir	seomra	F	an seomra
bainis	B	an bhainis	deoch	B	an deoch
teach	F	an teach	saoire	B	an tsaoire
Frainc	B	an Fhrainc	Portaingéilis	B	an Phortaingéilis

Is féidir na leideanna seo a roinnt leis an rang chun cuidiú leo inscne a aithint. Mínigh dóibh nach bhfuil iontu ach leideanna – tá go leor eisceachtaí ann – agus gur cheart dóibh an focal a sheiceáil san fhoclóir mura bhfuil siad cinnte.

Firinscneach (F) – de ghnáth	Baininscneach (B) – de ghnáth
• críochnaíonn siad ar chonsan leathan (*an crios, an teach*) – ach tá eisceachtaí m.sh. *an deoch* (B) • críochnaíonn siad ar ghuta (*an mála, an seomra*) – ach tá eisceachtaí, m.sh. *an tsláinte, an tsaoire* • daoine agus gairmeacha beatha a chríochnaíonn ar -eoir, -éir, -óir, -aí (*an t-aisteoir, an t-iarrthóir*) • críochnaíonn siad ar -ín (*an cailín*) • -acht nó -aíocht in ainmfhocal aonsiollach (*an ceacht*)	• críochnaíonn siad ar chonsan caol (*an bhainis, an aois*) • críochnaíonn siad ar -óg nó -eog (*an fháinleog*) • críochnaíonn siad ar -lann (*an leabharlann*) • críochnaíonn siad ar -cha (*an mhonarcha*) • teangacha agus tíortha (*an Phortaingéilis, an Fhrainc*) • -acht nó -aíocht in ainmfhocal ilsiollach (*an ghleacaíocht*) • mná: is gnách gur baininscneach iad (*an bhean*) – ach tabhair faoi deara *an cailín*!

2: Saibhreas teanga (Dúil a léiriú)

a) Níl freagra ceart amháin ann agus beidh ord éagsúil ag na grúpaí. Tabharfaidh an plé deis mhaith dóibh brí na bhfrásaí a phlé. Dírigh aird ar na réamhfhocail a leanann gach frása: *gafa* ***le***; *dúil* ***i***; *craiceáilte* ***faoi***; *splanctha* ***i ndiaidh*** (+ ginideach); *mo chroí istigh* ***i***; *mo dhóthain* ***de***; *an-tógtha* ***le***. Is frása Ultach é *splanctha i ndiaidh*.

b) Beidh freagraí éagsúla ag na foghlaimeoirí (Tá mé splanctha i ndiaidh na peile. / Tá dúil an diabhail agam i seacláid. / Tá mo chroí istigh sa cheol traidisiúnta.).

E: CUMARSÁID

1: Caint A – An Chéad Bhean Riamh

Freagraí:

A. Mary Robinson – grianghraf 4 – *an chéad bhean a toghadh mar Uachtarán na hÉireann (1990)*
B. Constance Markievicz – grianghraf 3 – *an chéad bhean a toghadh chun na Parlaiminte i Westminster (1918)*

C. Katie Taylor – grianghraf 1 – *bonn óir Oilimpeach sa dornálaíocht (Londain 2012), an chéad uair a bhí dornálaíocht na mban sna Cluichí Oilimpeacha*
D. Rachael Blackmore – grianghraf 2 – *an chéad bhean a bhuaigh an Grand National (2021)*

Eolas breise: Toghadh Constance Markievicz chun na parlaiminte in Westminster sa bhliain 1918, ach níor ghlac sí a suíochán mar bhí sí i bpríosún ag an am agus mar gheall ar pholasaí Shinn Féin freisin. Ceapadh ina hAire Saothair í sa Chéad Dáil in 1919 – an chéad bhean in Éirinn a ceapadh ina haire rialtais. Toghadh Mary Robinson ina hUachtarán sa bhliain 1990. Bhuaigh Katie Taylor bonn óir i Londain sa bhliain 2012, an chéad uair a bhí dornálaíocht na mban sna Cluichí Oilimpeacha. Bhuaigh Rachael Blackmore an Grand National ar *Minella Times* sa bhliain 2021, agus Corn Óir Cheltenham ar *A Plus Tard* in 2022 – an chéad bhean a bhuaigh an dá rás sin.

2: Caint B – **Bean a chuaigh go mór i bhfeidhm orm** Is gníomhaíocht phearsanta í seo. Mínigh dóibh nach gá go mbeadh an bhean cáiliúil – is deis iontach í seo ómós a thabhairt do mhná nach bhfuair aitheantas poiblí riamh. Má roghnaíonn foghlaimeoir bean ina t(h)eaghlach féin, is féidir leis na daoine eile an bhaint atá aici leis/léi (máthair, seanmháthair, aintín …) a thomhas.

3: Scríobh – Gradam Nua: **Bean na Bliana**
Freagra samplach:

Ba mhaith liom mo sheanmháthair, Máire Ní Bhriain, a ainmniú don Ghradam, Bean na Bliana. Rugadh i gConamara í sna 1940idí agus d'fhág sí an scoil nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois chun aire a thabhairt dá deartháireacha agus dá deirfiúracha. Phós sí go hóg agus thóg sí seachtar páistí, ach níor stop sí ag foghlaim riamh. Nuair a bhí sí seasca bliain d'aois, chláraigh sí ar chúrsa ollscoile agus bronnadh céim uirthi nuair a bhí sí seasca a cúig. Ba í an chéad bhean ina teaghlach a fuair céim ollscoile. Tá dúil an diabhail aici sa léitheoireacht agus tá a croí istigh i gcearta na mban. Níor tugadh aitheantas poiblí riamh di, ach tá an gradam seo tuillte aici thar aon duine eile a bhfuil aithne agam air.

Creidiúintí grianghraf
- Mary Robinson – Houses of the Oireachtas, CC BY 2.0.
- Constance Markievicz – Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, fearann poiblí.
- Katie Taylor – cormac70, CC BY 2.0.
- Rachael Blackmore – horseracingphoto.co.uk, CC BY 2.0.